

Siompóisiam ar Scoileanna Beaga, 26 Meitheamh, Gailearaí Hugh Lane

Meitheamh 2019

Comhthéacs

Tá 92% de bhunscoileanna Gaeltachta a thagann leis an sainmhíniú sin (98/106).

Tá thart ar 15% de bhunscoileanna lasmuigh den Ghaeltacht i gceist (seo bunaithe ar scoileanna le níos lú ná 105 dalta. Bíonn na scoileanna lonnaithe i gceantar tuaithe den chuid is mó, rud a chuireann deacracht le córas iompair chun na scoile.

Na dúshláin a bhíonn ag scoileanna beaga go ginearálta – tá siad 7 n-uaire níos measa sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

In ainneoin uimhreacha ardaithe, bíonn ar na scoileanna fanacht ar feadh tréimhse bliana le post breise múinteoireachta a fháil. Ciallaíonn sé sin go mbíonn roinnt ranganna lán go béal, rud atá deacair i scoil ilghráid. Má tá méadú ar na huimhreacha do Mheán Fómhair 2019, bíonn ort fanacht go Meán Fómhair 2020 leis an bpost breise a fháil. Ní mór an tréimhse seo a laghdú ionas nach gá fanacht don bhliain.

Tá seanphoist stairiúla ag roinnt de na scoileanna DEIS nár chaill siad riamh, ach nach bhfuil ag scoileanna eile. In ainneoin iad a bheith lonnaithe sa gceantar céanna, níl an cóimheas céanna múinteoirí ag na scoileanna DEIS.

An Polasaí Oideachas Gaeltachta

Tá go leor oibre breise cruthaithe aige don Phríomhoide agus foireann uile na scoile.

Níos mó riaracháin - plean gníomhaíochta le hullmhú/le cur i bhfeidhm agus ualach mór mar a bhaineann le meastóireacht scoile bhreise mar a bhaineann leis an scéim.

Bíonn freastal ar inseirbhís lárnach don pholasáí ach tá sé dodhéanta i go leor cásanna ionadaithe le Gaeilge a fháil.

Tá dualgas ar na scoileanna a bheith ag ceangal leis an bPleanáil Teanga agus ag aimsiú comhspricanna.

Tá ualach mór mar a bhaineann le déileáil le tuismitheoirí – dul i bhfeidhm orthu ó thaobh tábhacht an luath-thumoideachais/tumoideachais.

Scoileanna Oileáin

Is scoileanna beaga iad na bunscoileanna atá lonnaithe ar na hoileáin Ghaeltachta agus anuas ar na dúshláin a bhíonn ag na scoileanna beaga ar an mhórhóir, tá dúshláin bhreise ar scoileanna na n-oileán.

Bíonn sé deacair ar na scoileanna ar na hoileáin freastal cuí a fháil ó thaobh seirbhísí tacaíochta foghlama agus acmhainní. Is é an gnáthchleachtas ná seirbhísí seo a chur ar fáil ar feadh roinnt uaireanta an chloig gach lá ag brath ar riachtanas an dalta. Bíonn sé deacair múinteoirí tacaíochta agus múinteoirí acmhainní a aimsiú do na hoileáin a bhíonn sásta nó a bhíonn in ann an tseirbhís seo a chur ar fáil. Ní bhíonn siad ag iarraidh nó sásta taisteal chuig an oileán trí nó cheithre huair sa tseachtain mar gheall ar chúrsaí ama agus aimsire. Go minic, séard a tharlaíonn ná cnuasaítear na huairéanta acmhainne agus tacaíochta le chéile agus déantar cúpla lá le chéile ag amanna éagsúla i rith na dtéarmaí scoile. Ní dea-chleachtas é seo ó thaobh an chineáil seo seirbhíse.

Bíonn costais bhreise i gceist le himeachtaí ar nós turais scoile nó páirtíocht in imeachtaí ar nós féilte drámaíochta, comórtais sport, 7rl ar an mórthír.

Agus ar ndóigh bíonn sé an-deacair ag na múinteoirí ins na scoileanna seo freastal ar laethanta oiliúna. Bíonn an taisteal níos faide agus níos costasaí, bíonn sé deacair ionadaithe aimsiú chun seasamh isteach dóibh agus de bharr cúrsaí aimsire bíonn éiginnteacht faoi am/dátaí fillte.

Scoileanna Nua

Tá comhthéacs ar leith ann i scoileanna nua-bhunaithe, le foireann bheag (nó duine aonair) ag plé le:

1. bunú na scoile – iarratais ar dheontais, scríobh polasaithe, earcú daltaí, srl.
2. dúshláin cóiríochta (bunaítear an formhór ar shuíomhanna sealadacha, mar sin bíonn na dúshláin a bhaineann leis sin anuas ar na dúshláin a bhaineann leis an scoil a bhogadh go cóiríocht bhuan)
3. coimhlint/iomaíocht le scoileanna reatha in amanna (earcú daltaí agus múinteoirí, uaireanta fiú maidir le cóiríocht scoile)
4. ionchais phobal scoile nua agus fás tapa a bhainistiú.
5. I gcás scoileanna lán-Ghaeilge, go minic is iad an t-aon scoil dá gcineál sa cheantar (lán-Ghaeilge agus/nó ilchreidmheach) agus dá réir, níl an tacaíocht chéanna ann dóibh i measc na scoileanna áitiúla (e.g. polasaithe gur féidir a roinnt, srl.).
6. Múinteoirí Oideachais Speisialta – Tá neamhchinnteacht ann faoi láthair i measc na scoileanna nua a osclóidh i Méan Fómhair 2019 i dtaobh uaireanta tacaíochta de. Tá na scoileanna beaga seo ach go háirithe na scoileanna a osclóidh le múinteoir amháin ag brath go mór ar na huairéanta seo chun na fadhbanna a bhaineann le cumhdacht páistí a sheacaint agus chun tacú le gníomhaíochta inranga a spreagfadh caint agus cumarsáid i nGaeilge sa rang de bharr nach mbeadh aon rang níos sine ann nó aon fhoireann eile ann.
7. Scoileanna beaga i bhfoirgnimh mhóra – Fáiltimid go bhfuil scoileanna nua bhunaithe ag bogadh isteach go foirgnimh nua i bhfad níos tapúla anois ná mar a bhí ag tarlú ach tá an-chuid brú airgeadais i gceist sna scoileanna seo agus iad fágtha le conarthaí éigeantacha atá le híoc a bhaineann le teas, ardaitheoirí, soilse sráide taobh amuigh, coinneáil dín agus roinnt eile ar chaipitíocht an-bheag de bharr na n-uimhreacha beaga.

MOLTAÍ

Ní cheart aon scoil nua a oscailt gan an dara múinteoir, beag beann ar uimhreacha. Tá sé soiléir go bhfásfaidh na huimhreacha sna scoileanna nua-bhunaithe de bharr an taighde ar fad a rinneadh sa

Roinn sular osclaíodh iad ar an gcéad dul síos. Dá mbeadh na scoileanna nua in ann an dara mhúinteoir a earcú láithreach bheadh tacaíocht do na príomhoidí ag bunú na scoileanna ón tús, ag pleanáil, ag cur oideachas d'ard-chaighdeán ar fáil, ag fógairt na scoileanna sa phobail áitiúil agus leis an obair ar fad eile a bhíonn le déanamh i scoileanna nua-bhunaithe.

Réitheadh sé na mór cheisteanna faoi chumhdach leanaí chomh maith a bíonn i ngach scoil aon oide.

Ba cheart go mbeadh an Roinn ag tabhairt cúnamh airgid sa bhreis do na scoileanna beaga i bhfoirgnimh mhóra.

Sóisialú na ndaltaí (trí Ghaeilge)

I scoileanna beaga, is minic go mbíonn easpa deiseanna don spórt/gníomhaíochtaí seach-churaclaim ann. De dheasa easpa spáis ag roinnt de na scoileanna beaga/cóiríocht shealadach, mar aon le huimhreacha ísle (agus foireann bheag le feitheoireacht a dhéanamh), go minic ní bhíonn sé de rogha acu ach na páistí bheith ag súgradh sa chlós céanna ag an am céanna. Cruthaíonn sé seo deacrachtaí don tumoideachas a chur i bhfeidhm go héifeachtach – níl go leor Gaeilge ag na naíonáin nuair a thosaíonn siad ar scoil le bheith ag sóisialú i mBéarla agus bíonn siad ag meascadh leis na scoláirí níos sine. Bíonn dúshlán ag baint leis seo.

I dtaobh cúrsaí folláine agus foghlama, tá sé an-dúshlánach ar mhúinteoirí agus scoláirí i gcomhthéacs ilghráid. Tá difear ollmhór le sonrú i dtaobh na haibíochta de i measc páistí ó rang a haon agus rang a trí, nó rang a ceathair agus rang a sé. Má tá iompar dúshlánach ag duine de na páistí níos sine, cuireann sé as go mór do na páistí níos óige. Tá difríochtaí ann i dtaobh sealbhú teanga freisin, agus tá sé deacair plé leis na leibhéil éagsúla.

Cur i bhfeidhm an luath-thumoideachais i gcás ilranganna

Tá cur i bhfeidhm an luath-thumoideachais fíordhúshlánach i ranganna ilghráid (atá an-choitianta i scoileanna beaga). Bíonn deacracht le Béarla a mhúineadh do scoláirí níos sine agus iad in aon rang amháin leis na naíonáin sóisir is sinsir, go háirithe mura gcríochnaíonn na scoláirí níos óige níos luaithe sa lá. I roinnt cásanna, agus an Béarla á mhúineadh do na páistí níos sine, iarrtar ar an gcúntóir ranga plé leis na naíonáin sóisir is sinsir. Is minic nach mbíonn go leor Gaeilge ag an gcúntóir le hábhair éagsúla a theagasc, áfach. Ní bhíonn cúntóir ar fáil i gcónaí / go leanúnach sa scoil ach oiread.

Sa scoil Ghaeltachta –tá an múinteoir tacaíochta teanga agus an cúntóir teanga ag déanamh difríocht mhór.

MOLTAÍ

Múinteoir tacaíochta teanga ag gach scoil sa tír atá ag cur an tumoideachas i bhfeidhm.

Scoileanna le haitheantas DEIS

55% de scoileanna le haitheantas DEIS gur scoileanna beaga Gaeltachta iad.

DEIS lasmuigh den Ghaeltacht: 3 scoil bheag as 19 scoil bheag = 16% de scoileanna lán-Ghaeilge DEIS gur scoileanna beaga iad. Tabhair faoi deara go bhfuil 2 scoil ar bhunliosta na ROS ar chóir bheith ar an liosta Gaeltachta (i. SN an Bhreacaigh (16869L), Scoil Mhuire (18252D))

DEIS sa Ghaeltacht: 63 scoil bheag as 100 scoil bheag = 63%. Tabhair faoi deara nach bhfuil ach 98 scoil ar bhunliosta na ROS. Tá 2 scoil in easnamh (i. SN an Bhreacaigh (16869L), Scoil Mhuire (18252D). Níl stádas DEIS ag an 2 scoil seo.

Eagóthromaíocht idir scoileanna DEIS lasmuigh den Ghaeltacht agus laistigh, sa mhéid is go bhfuil tacaíochtaí tríd an Scéim Aitheantais Gaeltachta ag scoileanna DEIS Gaeltachta. Tá difríocht suntasach idir leibhéal agus cineál na dtacaíochtaí teanga (i. gan múinteoir tacaíochta teanga, gan cúntóir teanga, gan deontas acmhainní).

Píosa as taighde *Dearcthaí agus Cleachtais Ghairmiúla maidir le Tionchar an Tumoideachais ar Dhaltaí i nGaelscoileanna atá lonnaithe i gCeantair faoi Mhíbhuntáiste: Deiseanna agus Dúshláin*, Le Karen Ní Chlochasaigh, Pádraig Ó Duibhir, agus Gerry Shiel -

Is ceist phráinneach í nach bhfuil aon phost tacaíochta teanga, le faomhadh oifigiúil, ag aon scoil sa sampla. Cé go bhfuil an meánráta náisiúnta íseal do phostanna tacaíochta teanga (Kavanagh et al. 2015), áit ina gcuirtear tacaíocht teanga don T2 ar fáil do pháistí atá nua chun na tíre, tá moladh láidir ann dar le húdair an ailt go bhfuil na tacaíochtaí céanna de dhíth ó dhaltaí i ngaelscoileanna don dara teanga atá ina céad teanga foghlama acu, is í sin an Ghaeilge.

Tá céatadán an-bheag de dhaltaí ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge (0.5%) i ngaelscoileanna DEIS Banda 1 agus níl aon dalta i ngaelscoileanna DEIS Banda 2 ag fáil tacaíochta teanga don Ghaeilge. Is ceist phráinneach eile í gur beag tacaíochta teanga a chuirtear ar fáil don Ghaeilge in ainneoin go n-aithníonn múinteoirí na mórdheacrachtaí a bhíonn ag daltaí dul i ngleic leis an gcuraclam iomlán toisc srianta teanga sa T2.

Is ceist acmhainne í chomh maith nuair nach bhfuil aon phost tacaíochta teanga in aon Ghaelscoil DEIS, sa chaoi céanna ina mbeadh múinteoir tacaíochta teanga i scoil Bhéarla chun tacú le sealbhú an Bhéarla mar T2 agus príomhtheanga foghlama. Tá argóint láidir ann go bhfuil géarghá lena leithéid de ról i ngaelscoileanna DEIS chun freastal ar shainriachtanais teangeolaíoch na scoile.

Moltaí

Múinteoir Tacaíochta Teanga a bheith ar fáil i ngach scoil a fheidhmíonn trí Ghaeilge (DEIS san áireamh) ar bhonn práinne chun próifíl na Gaeilge sa scoil a fhorbairt i measc go leor cúraimí eile; tacú le hAistear a chur i bhfeidhm, teanga neamhfhoirmiúil, shóisialta na ndaltaí agus fónaic na Gaeilge a fhorbairt sna Naíonáin, idirghabhálacha litearthachta na Gaeilge srl. Níl cothrom na féinne á fháil ag daltaí ghaelscoileanna DEIS agus scoileanna nach scoileanna DEIS iad.

Cé go bhfuil méid áirithe acmhainní ann don scolaíocht trí mheán na Gaeilge, moltar go gcuirfí tuilleadh acmhainní teagaisc agus foghlama ar fáil ar -líne as Gaeilge agus ar leibhéal teanga níos insroichte do dhaltaí gael scoile DEIS.

Cóimheas níos fearr do scoileanna DEIS lán-Ghaeilge / Gaeltachta ag teastáil.

Riarachán

I scoileanna beaga le príomhoidí teagaisc, ní bhíonn an deontas mór go leor chun rúnaí lánaimsire a fhostú.

Ní leor na laethanta riaracháin atá ceadaithe do phríomhoidí teagaisc le gach gné den bhainistíocht scoile a riaradh.

An-dúshlánach sna scoileanna DEIS freisin – bheith ag plé le foghlaim agus folláine ag aon am amháin agus tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do na páistí i scoileanna beaga DEIS.

MOLTAÍ

Ba cheart go mbeadh breis airgid curtha ar fáil a chinnteodh go mbeadh rúnaí lán aimsire i ngach scoil le príomhoide teagaisc.

Tá níos mó laethanta pleanála agus riaracháin ag teastáil, go háirithe i scoileanna nach bhfuil ach rúnaí páirtaimseartha acu.

Lá amháin sa tseachtain a chur ar fáil don riaracháin do phríomhoidí teagaisc.

Soláthar múinteoirí agus cleachtadh múinteoireachta

Tá dúshlán ann múinteoirí atá in ann feidhmiú trí Ghaeilge a earcú. Tá dúshlán bhreise ag baint le múinteoirí le Gaeilge a mhealladh go ceantair atá scoite amach, nó chuig scoileanna a bhfuil stádas DEIS acu, go háirithe má tá scoil DEIS lonnaithe i suíomh uirbeach agus suíomh ilghráid ann. Tá an costas ardaithe maireachtála sna cathracha ag cur bac ar mhúinteoirí glacadh le poist bhuna agus shealadacha sna scoileanna seo.

MOLTAÍ

Liúntas don teagasc i scoil lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a thabhairt ar ais mar aitheantas ar an obair ollmhór bhreise atá le déanamh ag múinteoirí sna suíomhanna seo thairis suíomhanna meán-Bhéarla.

Forbairt Ghairmiúil

Bíonn sé an-deacair ar na scoileanna scaoileadh le baill foirne ar bith le freastal ar chúrsaí seachtracha a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach toisc an dúshlán a bhaineann le soláthar ionadaithe, agus an easpa ball foirne atá acu i gcoitinne le ranganna a chlúdach. An toradh ar seo ná nach bhfuil an FGL riachtanach á fháil le freastal ar riachtanais an mhúinteora, gan trácht ar an riachtanas a bhaineann le oiliúint a fháil sna forbairtí sa chorás lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

MOLTAÍ

Dá mbeadh cúpla múinteoir sa bhreis fosaithe ag na hIonad Oideachais bheadh siad in ann a bheith ar fáil do na scoileanna beaga nuair a bhíonn oiliúint ar fáil.

Boird Bhainistíochta / rialachas

Dúshlán leanúnach é do scoileanna daoine a fháil le dul ar Bhoird Bainistíochta, go háirithe i ról an Chathaoirligh, agus i bhfianaise go mbíonn na boird scoile a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Tá cúraim mhóra ar an gcathaoirleach anois agus imní ar dhaoine tabhairt faoi na cúraim sin – airgeadas, cosaint leanaí, cúram foirne/fostaíochta.

Ardú ar obair agus freagrachtaí (agus feidhmiú trí Ghaeilge)

Deontas caipitíochta níos ísle, deacair acmhainní a cheannach, rud a chuireann bac ar líon na ndaltaí ag teacht chun na scoile

Moladh:

Go mbeadh oiliúint éigeantach ann do bhaill an bhoird, a mbeadh aitheantas trí cáilíochtíocht ag baint leis. Go mbeadh clár oiliúna éigeantach ann faoi chomhthéacs na scoile lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Riachtanais Speisialta Oideachais

12(a) Leis an easpa soláthar múinteoirí atá ar fáil, go háirithe múinteoirí atá in ann feidhmiú go héifeachtach trí Ghaeilge, bíonn dúshlán bhreise le sárú ag na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Is minic nach n-éiríonn le scoileanna folúntais ar an bhfoireann tacaíochta a líonadh, nó a líonadh le duine le Gaeilge ag leibhéal sásúil. Bíonn sé seo tubaisteach do chlár tacaíochta na scoláirí agus cruthaíonn sé go leor struis i measc na dtuismitheoirí. Tá roinnt de na páistí seo iomlán spleách ar an tacaíocht chuí a fháil ar scoil, mar níl aon tacaíocht ar fáil ón mbaile (páistí ag tosú gan aon réamhullmhúchán déanta don scoil, gan chur amach ar bhunfhuaimeanna sa Bhéarla ná sa Ghaeilge, etc.) agus tá siad i mbun foghlama i suíomh ilghráid freisin le héagsúlacht ollmhór cumais.

Sa mhúnla nua um leithdháileadh acmhainní - ní bheidh athbheithniú ar uaireanta tacaíochta arís go dtí MF 2021. Scoil bheag amháin (Gaeltachta) ag rá go bhfuil cásanna aitheanta acu ina scoil féin ó rinneadh an dáileadh deireadh ar uaireanta tacaíochta. Tá siad faoi bhrú uafásach, riachtanas imithe ó 3 chás go 9 gcás, níl na hacmhainní/uaireanta tacaíochta acu. Bíonn i scoileanna móra in ann *absorbing/levelling out* a dhéanamh ar na riachtanais. Bíonn se níos deacra le scoileanna beaga mar nach mbíonn an oiread acmhainní acu agus bíonn níos mó tionchar ag an status quo ar an scoil uilig.

Tá scoil eile gar dóibh a bhfuil na deacrachtaí céanna acu.

MOLTAÍ

Impleachtaí agus tionchar ar scoileanna beaga a thógáil mar cheist ar leith san athbheithniú ar an múnla leithdháileadh acmhainní.

12 (b) Ranganna Speisialta i Scoileanna Beaga / Gaelscoileanna / Scoileanna Gaeltachta le Príomhoidí Teagaisc:

Tá líon na ranganna speisialta ag méadú i Scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna agus is iontach an fhíric é seo. Meadaíonn obair an phríomhoide sna scoileanna seo go mór de bharr an méid pleanála, paipéarachas, crunnithe agus tacaíocht a bhíonn de dhíth agus de bharr an méid ama a bhíonn le caitheamh leis na páistí, a dtuismitheoirí chomh maith leis na cúntóirí agus na múinteoirí a bhíonn agus a oibríonn sna ranganna seo.

Tá scoil amháin tar éis cás a phlé linn ina bhfuil triúir pháiste le ASD i rang speisialta le múinteoir, cúntóir agus príomhoide teagaisc. Tá iompar thar a bheith dúshlánach ag páiste amháin sa rang sin agus cé go bhfuil an SENO, an scoil, an tuismitheoir agus CAMHS ar fad ar aon intinn go bhfuil cúntóir riachtantais speisialta lán-aimsire de dhíth ón bpáiste seo chun é féin a choimeád slán chomh maith leis na páistí eile, níl an NCSE in ann cúntóir eile a cheadú don rang sin go dtí go mbeidh ceathrar páiste ann. Má bhíonn CRS lán-aimsire de dhíth ó pháiste cén difríocht a dhéanann sé má bhíonn an páiste sin i rang le beirt nó triúir eile? Tá an scoil sin ag streacailt go mór agus is minic a bhíonn ar an mbeirt páiste eile fillleadh ar a ranganna príomhsrutha, téann an CRS le duine acu agus bíonn ar an múinteoir agus an príomhoide fanacht leis an bpáiste. Bíonn rang an phríomhoide fágtha gan múinteoir ansin.

MOLTAÍ:

Ní cheart go mbeadh aon phríomhoidí teagaisc i scoileanna le ranganna speisiata.

Ba cheart go mbeadh an NCSE in ann CSR a dháileadh ar na páistí leis an méid is mó riachtanais beag bean ar uimhreacha scoile.

Saol tuaithe agus cúrsaí daonra

Daonra ag titim sna ceantair tuaithe, muna gcuirtear polasaí forbartha tuaithe i bhfeidhm, beidh na scoileanna ag dúnadh agus na ceantair bánaithe.

Scoil Ghaeltachta amháin a luaigh go bhfuil a gcuid uimhreacha ag titim go mór, 26 dalta acu, 16 bliain ó shin bhí 83 acu. MF 2019 duine amháin cinntithe do na naíonáin agus b'fhéidir an dara duine.

Meitheamh 2019